CINNEADH Uimh. 53/2022 Ó CHOMHCHOISTE LEE

an 18 Márta 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/1121]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1812 ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir leis an malartú sonraí ar líne agus maidir le fógra a thabhairt faoi chineálcheaduithe AE faoi Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), arna cheartú le IO L 104, 25.3.2021, lch. 55, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 51a (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún) de Chaibidil I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

"51b. **32020 R 1812**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1812 ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir leis an malartú sonraí ar líne agus maidir le fógra a thabhairt faoi chineálcheaduithe AE faoi Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 404, 2.12.2020, lch. 5), arna cheartú le IO L 104, 25.3.2021, lch. 55."

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1812, arna cheartú le IO L 104, 25.3.2021, lch. 55, san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 19 Márta 2022, ar choinníoll go mbeifear tar éis na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE a dhéanamh ina leith *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 49/2022 ó Chomhchoiste LEE an 18 Márta 2022 ([2]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Márta 2022.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN

([1]) IO L 404, 2.12.2020, lch. 5.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([2]) Féach leathanach 19 den Iris Oifigiúil seo.